



Córas Iompair Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2005



Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú Oibríochtaí	7
Struchtúr an Ghrúpa	15
Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta	16
Ráiteas Rialála Corparáidí	18
Ráiteas d'Fhreagrachtaí an Bhoird	21
Tuarascáil na nIníúcháirí chuig an Aire Iompair	22
Príomh-Bheartais Chuntasáíochta	24
An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais	27
Ráiteas Gnóthachain agus Cailteanais Iomlána	28
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	29
Clár Comhardaithe na Cuideachta	30
Ráiteas Comhdhlúite Faoi Shreabhadh Airgid	31
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	32



Ba mhian le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don mhaoiniú ar olltionscadail ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus Iompar 21 mar aon le cômhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

Grianghrafadóir: Mark McCall

Dearadh: firstimpression

Ráiteas an Chathaoirligh



Ba bhliain den scoth í 2005 do Ghrúpa CIÉ mar fuair custaiméirí sochair inbhraite den infheistíocht €1.4 billiún i dtraenacha nua agus traenacha níos minice, iarnród nuachóirithe, stáisiúin fheabhsaithe agus leathnaithe mar aon le huasghrádú ar an DART agus dúbailt cumais.

Thug an aisíoc sin a tugadh dár gcustaiméirí agus a bhí de dhíth go mór orthu spreagadh don Ghrúpa agus chuir sin Iarnród Éireann ar bharr shraith na hEorpa mar an t-iarnród is tapúla fáis san Eoraip. Léiríonn na staitisticí Eorpacha is déanaí a eisíodh (féach figiúr 1 thíos) go bhfuil ardú 41.8% ar líon phaisinéirí Iarnród Éireann le deich mbliana, i bhfad chun cinn ar ár gcomhpháirtithe AE.

Lean an treocht ag ardú i rith 2005 agus thaistéal 38 milliún paisinéirí ar ár seirbhísí iarnróid, ardú 9% ar an mbliain roimhe sin. Is ionann sin agus dul chun cinn dáiríre ó thaobh ár bpríomhdhualgas a chomhlíonadh, is é sin daoine a mhealladh óna gcuid carranna chuig iompar poiblí agus leibhéal inbhuanaithe soghluaisteachta a thabhairt ar ais dár gcathracha.

Mar gheall gur éirigh leis an gcuideachta na príomhinfeistíochtaí sa Phlean Forbartha Náisiúnta a thabhairt chun críche in am agus ar bhuiséad, choimeád sí a háit chun tosaigh sa Stát i measc fhaighteoírí maoiniú infheistíochta caipitil mór maidir le tionscadal a sheachadadh a bhíonn éifeachtach ó thaobh costais de.

Ba mhaith liom ag an tráth seo buíochas a ghlacadh lenár gcustaiméirí as a bheith foighneach agus as a gcuid tacaíochta i rith na céime tógála cúig bhliana, go háirithe custaiméirí an DART agus ba mhaith liom ár mbuíochas a ghlacadh lenár bhfórsa oibre ar fud na tíre as a dtiomantas.

Is é an toradh foriomlán do Ghrúpa CIÉ do 2005 ná barrachas €25.8 milliún i gcomparáid le €19.5 milliún i 2004. Thóg na torthaí sin san áireamh riachtanais an Chaighdeán Cuntasíochta FRS 17 – Ag Cuntasú do Shochair Scoir. Gan tionchar FRS 17 san áireamh is barrachas €15.1 milliún an toradh oibríochta do 2005 i gcomparáid le barrachas de €20.5 milliún i 2004.

D'éirigh go maith le hairgeadais Ghrúpa CIÉ freisin agus d'aischur an Grúpa barrachas oibríochta de €15.1 milliún roimh FRS 17 i 2005, le harduithe in ioncaim agus seirbhísí soláthraithe ag na cuideachtaí iarnróid agus bus. Baineadh amach na torthaí sin cé gur stopadh roinnt seirbhísí go sealadach ar na deirí seachtainí chun Tionscadal Uasghrádaithe an DART a éascú mar aon le hoibríochtaí iomlán Luas a thabhairt isteach i mBaile Átha Cliath.

Maidir lenár gcuideachtaí bus, leanann tranglam tráchta mar an fhadhb mhór is mó atá roimh dhul chun cinn do na cuideachtaí agus a gcustaiméirí. Meastar gur chosain plódú tráchta os cionn €80 milliún ar dhá chuideachta bus CIÉ anuraidh agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin trí níos mó bearta tosaíochta a sholáthar.


Thug Bus Átha Cliath aghaidh ar na dúshláin shuntasacha a bhí roimhe i 2005, lena n-áirítear tionchar oibríochtaí Luas a dtugtar seirbhís cúltaca dó. Léirigh sé sofhreagracht i gcoinníollacha oibríochta deacair trí a bheith solúbtha agus nuálach le seirbhísí agus táirgí nua. Léirigh busanna na cuideachta arís go soláthraíonn siad gan dabht réiteach iompair dáiríre le torthaí láithreacha, intomhaiste agus seirbhís luach ar airgead don Rialtas agus do chomaitéirí araon.

D'éirigh go maith le Bus Éireann freisin ó thaobh seirbhísí comaitéirí a sholáthar, i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus sna cathracha sna cúigí araon. D'infheistigh an chuideachta €14.6 milliún i rith na bliana ag ceannach busanna seirbhíse agus scoile agus ar athchóirithe ollmhóra ar stáisiúin bus lena n-áirítear Busáras agus Corcaigh.

Chríochnaigh Iarnród Éireann roinnt clár uasghrádaithe diana a d'éascaigh feabhsúcháin shuntasacha ar shaoráidí iarnróid agus stáisiún chun go bhféadfaí na traenacha nua a thabhairt isteach. De bharr go bhfuil formhór na hinfeistíochta atá riachtanach críochnaithe, tá custaiméirí ag baint sásaimh as sochair iomlána na hinfeistíochta seo trí thraenacha den scoth agus tráthchláir fheabhsaithe nua.

Ráiteas an Chathaoirligh ar lean

Fíor 1. Bhí arduithe ar líon na dturas a thóg paisinéirí ar iarnróid Eorpacha ó 1994 agus 2004 mar seo a leanas:



Foinse: Ceardchumann Idirnáisiúnta Iarnróid: (UIC) Staitisticí Iarnróid Eorpacha 1994-2004

Chuir an t-ollchlár infheistíochta iarnróid go mór le cumas agus ardchaighdeán Ghréasán iarnróid na mBruachbhailte agus Idirhathrach. Tá príomhghnéithe an chláir leagtha amach thíos:

Bruachbhailte:

- Seirbhísí comaitéirí breise do Dhroichead Átha agus do Bhaile Átha Luain, le 40% breise d'uaschumas ar Líne Mhaigh Nuad.
- DARTanna 8-gcarráiste á bhfeidhmiú ag tráthanna buaice, agus níos mó DARTanna ag freastal ar Mhulach Íde agus ar Phort Mearnóg.
- 36 carráiste breise go dtí 180 curtha leis an bhflít cairr iarnróid, le 150 carr iarnróid Intercity ordaithe cheana féin le leathnú sa todhchaí.
- Tionscadal Uasghrádaithe an DART seachadta in am agus ar bhuiséad.
- Ardáin níos faide agus níos inrochtaine ag gach stáisiún DART.
- Tionscadal infheistíochta Bhealach Chill Dara seolta.

Intercity:

- 35 carráiste nua Corcaigh-Baile Átha Cliath seachadta (32 ar an mbealach). Carráistí nua ag freastal ar na gcaighdeáin inrochtaine is fearr.
- Traenacha nua do Líne Shligigh le 6 sheirbhís laethúla breise do Thrá Lí.
- Níos mó seirbhísí Domhnaigh idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh, Luimneach, Trá Lí agus Corcaigh.
- Línte Shligigh agus Thrá Lí uasghrádaithe le córais chomharthaíochta den scoth.
- Iarnród táite leanúnach ardluais nua-aimseartha ar gach bealach ollmhór.
- Uasghrádú ollmhór ar Stáisiún Heuston.
- Ardáin leathnaithe agus uasghrádaithe ar feadh ghréasán Intercity.
- Saoráidí áirithintí ar-líne leathnaithe - www.irishrail.ie.
- Measíní díola ticéad uathoibríoch i bhfeidhm anois in 80 stáisiún.

D'fháiltigh an chuideachta freisin roimh an bpleanáil ilbhliantúil fhadtéarmach atá glactha ag an Rialtas maidir le córais iompair, cur chuige a chinntíonn go bhféadfar pleanáil go héifeachtach do riachtanais chomaitéirí sa todhchaí.

Is ionann Plean Iompair 21 an Rialtais, a seoladh i rith na bliana atáthar a athbhreithniú, agus vóta ollmhór muiníne in iompar poiblí. Tabharfaidh na forbairtí ollmhóra iarnróid atá sa phlean spreagadh mór don ghnó comaitéirí iarnróid reatha mar aon le dul chun sochar do phobail nua a ndéanfar freastal orthu ag línte athoscailte.

Ráiteas an Chathaoirligh ar lean

Áirítear sna Tionscadail atá sa Phlean Iompair 21 agus a meastar a ndéanfar dul chun cinn ollmhór iontu i 2006:

- Ath-chomharthaíocht i lár chathair Bhaile Átha Cliath
- Stáisiún Dugthailte
- Tionscadal Bhealach Chill Dara
- Athoscailt Líne Corcaigh – Mhainistir na Corann
- Infheistíocht i bhflít Intercity
- Infheistíocht leanúnach sábháilteachta

Áirítear ar thionscadail eile:

- Idircheanglóir
- Leictriúchán línte comaitéirí
- Athoscailt Líne na hUaimhe

Táim féin agus mo Bhord ag tnúth leis na tionscadail sin a sheachadadh, a thabharfaidh córas iarnróid den scoth d'Éirinn. Tabharfaidh Iarnród Éireann na caighdeáin is airde bhainistiú tionscadal chuig an tasc seo. Níl aon chomparáid ag an gcuideachta ó thaobh olltionscadail infheistíochta chaipitil a sheachadadh in am agus ar bhuiséad.

Tá Bus Átha Cliath sna céimeanna deiridh i dtabhairt chun críche athbhreithniú grinn ar an ngréasán. Breithníodh na hathruithe déimeagrafacha a bhfuiltear ag súil leo, forbairtí Plean Iompair 21, cláir na n-údarás áitiúil do Bhealaí Bus d'Ardchaighdeán agus forbairt infrastruchtúir mar aon le saincheisteanna rithábhachtacha eile ar nós bhainistiú lár na cathrach agus an gá atá le lánpháirtíú i rith an athbhreithnithe ar an ngréasán.

Cé go bhfuil an luas mall go maith, tá busanna fós ar an mbealach is mó iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath le 146 milliún turas paisinéirí ar Bhus Átha Cliath i 2005.

Dar le saineolaithe iompair tá Baile Átha Cliath ar cheann de na háiteanna is measa ó thaobh plódú agus tranglam tráchta do chathair dá méid. Is é an toradh atá air sin ná go mbíonn seirbhísí buaic-uaire ag rith 36% níos moille ná an meán idirnáisiúnta.

Chaith Bus Átha Cliath €20.4 milliún ar 66 bus nua, bhí 16 feithicil nua ina measc sin le trí acastóir agus caitheadh €2.8 milliún ar CCTV agus ar thionscadail inrochtaine i rith 2005.

Tá forbairt leanúnach á déanamh ar chumas agus ar ardchaighdeán sheirbhísí na cuideachta. Tá cumas ardaíthe 20% ag an mbus nua le trí acastóir. Tá tástáil ar siúl faoi láthair ar bhithbhreosla mar fhorlónadh do dhíosail. Fuair an chuideachta Gradam Cumais O2 do Cheannaireacht i 2005 agus fuair an chuideachta Gradam Cumais O2 do “Choimeád agus Dea-Bhail” i 2006.

Bhí Bus Éireann fíor-ghníomhach freisin i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil an líon is mó riamh comaitéirí ar na seirbhísí le os cionn 75,000 turas paisinéirí in aghaidh na seachtaine.

Bhunaigh Bus Éireann bealaí nua agus leathnaithe i rith 2005 agus cuireadh le minicíochtaí seirbhísí eile, a chlúdaíonn Corcaigh, Luimneach, Iarthar na hÉireann agus Dún na nGall.

Tá ardú tagtha ar mhinicíocht, ar raon agus ar líon na seirbhísí chun freastal ar an éileamh atá ag fás i Limistéar Comaitéirí Bhaile Átha Cliath. Tá seirbhísí níos luaithe ar maidin agus níos deireanaí san oíche á dtabhairt isteach chun freastal ar an éileamh. Tá críochfoirt eile á n-úsáid i lár cathracha chun limistéir a bhfuil go leor daoine ina gcónaí iontu ar nós Chill Déaglán via Ráth Tó chuig Baile Bhlainséir.

Cuireann tranglam tráchta isteach go mór ar sceidil Bhus Éireann mar aon le Bus Átha Cliath agus seo a leanas a léiríonn figiúirí do 2005, a nuashonraigh comhchomhairleoir BDO Simpson Xavier:

- Meastar gur chosain plódú tráchta i mBaile Átha Cliath €60 milliún ar Bhus Átha Cliath i rith 2005.
- Meastar gur chaill Bus Éireann amach ar €20 milliún mar gheall ar phlódú tráchta sna cathracha seo a leanas, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

Ráiteas an Chathaoirligh ar lean

Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

Chuidigh gníomhaíochtaí tráchtála a rinne cuideachta sealbhaíochta CIÉ lena n-áirítear CIE Tours, An Roinn Maoine agus an Gréasán Fógraíochta Comaitéara le haischur dearfach an Ghrúpa i rith na bliana atáthar a athbhreithniú.

Vótáladh CIE Tours International, le hollioncaim de €51 milliún, san Iris Travel and Leisure, ar na “15 Oibritheoirí Turais is fearr” ar domhan sna “Gradaim is Fearr ar Domhan” ar bhonn bliantúil don dara uair. In Eanáir 2006 vótáil Cumann Gníomhairí Taistil na hÉireann CIE Tours mar an “Best Coach Tour Company” i 2005.

Bhain Maoine an Ghrúpa amach €6.0 milliún ó dhíolachán maoine breise i 2005. Tá an rannán sin rannpháirteach i bhforbairtí i gCorcaigh, i nGaillimh, i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh.

Rinne An Gréasán Fógraíochta Comaitéara (CAN) glanbhrabús de €6.8 milliún ó dhíolachán fógraíochta lasmuigh i rith na bliana. Tá feachtas leathan ar siúl chun cur le láithreáin agus tri-vision a thabhairt isteach.

Timpiste bus scoile na hUaimhe

Tharla tubaiste bhus scoile na hUaimhe an 23 Bealtaine 2005, áit ar bhásaigh 5 cailíní óga scoile. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le comhbhrón an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne go léir i nGrúpa CIÉ a chur in iúl do theaghlach agus do chairde gach duine a bhásaigh, a gortaíodh nó a chuir an tubaiste uafásach seo isteach orthu.

Buíochas

Scoir an tUasal Justin Baily agus an tUasal Norman Wilkinson ón mBord an 1ú Márta, 2005. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leo as an méid a rinne siad le CIÉ i rith a dtréimhse mar chomhaltaí Boird. Athcheapadh an tUasal Paul Kiely agus an tUasal John Sorohan chuig an mBord an 2ú Márta, 2005. Ceapadh Mary Canniffe Uasal, An tUasal Neil Ormond agus an tOllamh Yvonne Scannell chuig an mBord an lá sin. Sa bhreis air sin, athcheapadh mé féin mar Chathaoirleach ar an mBord an 28ú Márta, 2005. D'éirigh an tUasal Kevin Cronin as an mBord an 19ú Aibreán, 2005. Cé nár chaith sé ach tréimhse ghairid go maith ar an mBord, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Uasal Cronin don méid a rinne sé.


Scoir an tUasal Gerry Charles agus Anne Marie Mannix Uasal, nár lorg atoghadh sna Toghcháin do Stiúrthóir na nOibrithe i nDeireadh Fómhair 2005, ón mBord an 30ú Samhain, 2005. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an mbeirt acu as a n-obair chrua ar Bhord CIÉ, ar fho-bhoird éagsúla agus ar choistí boird le roinnt blianta anuas. Atoghadh an tUasal Paul Cullen agus an tUasal Bill McCamley tar éis na dtoghchán sin agus athcheapadh chuig an mBord ina dhiaidh sin iad an 1ú Nollaig, 2005. Ina theannta sin, toghadh Mary Johnston Uasal agus an tUasal John Moloney agus ceapadh chuig an mBord iad an 1ú Nollaig, 2005.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire Iompair, An tUasal Martin Cullen T.D., as a thacaíocht leanúnach i rith na bliana, mar aon le hoifigigh na Roinne Iompair as a gcúnamh.

Táimid buíoch freisin don Rialtas, agus go háirithe don Taoiseach agus don Aire Airgeadais, as na hollchláir infheistíochta atáthar a dhéanamh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus as an tiomantas faoin bPlean Iompair 21 nua, atá chomh rithábachtach sin d'athbheochan iompar poiblí in Éirinn.

Tá an Bord fíorbhuíoch freisin as chómhaoiniú an Chiste Struchtúra AE a fuarthas.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh le foireann ghrúpa cuideachtaí CIÉ as a n-iarrachtaí leanúnacha ar feadh na bliana.



John J. Lynch
Cathaoirleach





Athbhreithniú Oibríochtaí


Torthaí an Ghrúpa

Is é an toradh iomlán d'oibríochtaí Ghrúpa CIÉ do 2005 ná barrachas oibríochta de €15.1 milliún i gcomparáid le barrachas oibríochta de €20.5 milliún i 2004. Nuair a thógann tú tionchair FRS 17 san áireamh, "Sochair Scoir", €25.8 milliún an barrachas do 2005 agus €19.5 milliún do 2004.

	2005	2004
	Athluaite	
	€M	€M
Ioncam	704.5	683.5
Íocaíocht deontais Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus Deontas Sábháilteachta Iarnróid	283.4	267.8
Ioncam Iomlán	987.9	951.3
Costais a bhaineann le pá-rolla	(534.0)	(511.9)
Costais oibríochta eile	(440.6)	(443.9)
Costais airgeadais	6.8	(1.3)
Brabús ar dhíúscairt sócmhainní inlámhsithe	5.7	25.3
Ioncam Iomlán	(962.1)	(931.8)
Barrachas le coigeartuithe costais phinsin FRS 17 san áireamh	25.8	19.5
Coigeartuithe costais phinsin FRS 17	(10.7)	1.0
Barrachas oibríochta gan coigeartuithe costas pinsin san áireamh	15.1	20.5

Ioncam


Mhéadaigh ioncam ó chustaiméirí €21.0 milliún, le Bus Éireann ag taispeáint an mhéadaithe ba mhó ag €14.8 milliún agus ina dhiaidh sin Iarnród Éireann ag €6.8 milliún, Bus Átha Cliath €3.9 milliún agus an chuideachta sealbhaíochta ag taispeáint laghdú de €4.5 milliún. Tagann an méadú in ioncam ó leibhéil seirbhíse méadaithe arna sholáthar ag na cuideachtaí oibríochta agus arduithe i bpraghsanna.



Mhéadaigh íocaíochtaí deontais Oibleagáid Seirbhíse Poiblí maidir le soláthar seirbhíse iompair poiblí go dtí €270.1 milliún, méadú de €12.9 milliún don bhliain. Fuair Iarnród Éireann €13.3 milliún freisin don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid (2004 - €10.6 milliún).

Ina theannta sin, fuair an Grúpa maoiniú Státhchiste de €289 milliún do chaiteachas caipitil agus €3.7 milliún freisin i ndeontais tacaíochta ioncaim a cuireadh chun sochair an chuntais brabúis agus cailteanais comhdhlúite.

B'ionann infheistíocht an Ghrúpa do 2005 agus €366.1 milliún (2004 - €361.6 milliún).



Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

Tá nóta san áireamh ag na trí chuideachta oibríochta, Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath sna nótaí leis na ráitis airgeadais, ag déanamh anailíse ar a n-ioncain agus ar a gcaiteachas iomlán thar ghníomhaíochtaí sóisialta agus tráchtála ag teacht le prionsabail Threoir Choimisiún an AE 2000/52/AE.

Costais oibríochta eile

Mhéadaigh costais phá-rolla €22.1 milliún, de bharr dámhachtainí pá den chuid is mó faoin gClár Ag Coinneáil an Dul chun Cinn agus costais mhéadaithe pinsin.

Áirítear ar an €440.6 milliún de chostais oibríochta €7.9 milliún do chostais oibríochta eisceachtúla in Iarnród Éireann.

Grúpchuideachtaí

Tá athbhreithnithe mionsonraithe oibríochtaí d'Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann i dTuarascálacha Bliantúla ar leithligh gach ceann de na cuideachtaí san áireamh sa DLúthdhiosca seo i dteannta le Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ.

Iarnród Éireann

Chonaic custaiméirí sochair inláimhsithe i 2005 de thraenacha nua, arduithe ollmhóra cumais (dúbailt ar líon na seirbhísí DART agus Comaitéara i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh) mar aon le feabhsúcháin ollmhóra ar stáisiúin agus ag meaitseáil tionscnaimh chustaiméirí.

Torthaí airgeadais

B'ionann an barrachas roimh mhíreanna eisceachtúla i 2005 agus €15.4 milliún i gcomparáid le barrachas de €2.4 milliún i 2004, feabhas de €13 milliún.

Tá cailleanais ioncain san áireamh sna torthaí oibríochtaí measta ag €3.4 milliún de bharr seirbhísí DART a bheith dúnta ar go leor deirí seachtainí i rith na bliana chun tionscadal Uasghrádaithe an DART a chríochnú chomh luath agus is féidir.

Saothraíodh barrachas foriomlán de €7.5 milliún, tar éis míreanna eisceachtúla de €7.9 milliún, i 2005, i gcomparáid le glan-easnamh de €16.7 milliún i 2004, feabhas de €24.2 milliún.

Olltionscadal infheistíochta - in am agus ar bhuiséad

Lean cleachtas láidir Iarnród Éireann i 2005, formhór na n-olltionscadal a sheachadadh in am agus ar bhuiséad nó níos fearr fós. As clár tionscadail infheistíochta iomlán de €1.4 billiún a tosaíodh, atá ar siúl nó a tugadh chun críche i 2005, tá an chuideachta €37 milliún níos fearr ná buiséad faoi láthair maidir leis na scéimeanna sin.

Tar éis an athnuachana iarnróid a thabhairt chun críche ar an bpríomhghrúpa náisiúnta i 2004, tugadh tionscadal nuachóirithe comharthaíochta chun críche i 2005 do línte Thrá Lí-Mala agus Shligeach-Bhaile Átha Cliath, a raibh sochair sábháilteachta agus éifeachtúlachta mar thoradh orthu.

D'infheistigh Iarnród Éireann os cionn €1.4 billiún in atógáil iarnróid ó 2000, le tacaíocht ón Rialtas agus ón AE. Tá an clár infheistíochta sin ag feabhsú traenacha nua, infrastruchtúr uasghrádaithe agus saoráidí do chustaiméirí.

Línte comaitéirí Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath

I 2005, bhain custaiméirí ar comaitéirí iad leas arís as an bhflít nua, le 36 carr iarnróid á seachadadh faoi láthair, sa bhreis ar 80 carráiste cairr iarnróid a chuaigh i mbun seirbhíse i 2003 agus 2004.

D'fhás an cumas ar líne Mhaigh Nuad léi féin 40% le feabhsúcháin ar an tseirbhís tugtha isteach in Eanáir 2006. Beidh cumas ar an mbealach anois, a ritheann trí chuid de na pobail is tapúla atá ag fás sa tír ar nós Léim an Bhradáin, Cluain Saileach agus Caisleán Cnucha, do bhreis is aon mhilliún buaicthuras breise gach bliain.



Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

Bhain Droichead Átha, Baile Átha Luain agus Cill Dara tairbhe as buaicsherbhísí comaitéirí breise freisin. Fógraíodh pleananna chun buaicsherbhísí comaitéirí a leathnú as Ceatharlach agus seirbhís comaitéirí nua a thabhairt isteach as Cill Chainnigh.

DART

Chríochnaigh DART próiseas forbartha cúig bhliana a d'éascaigh dúblú cumais iompair bhuaicthraen DART go dtí 1,500 comaitéirí le traenacha ocht gcarráiste. Suas go dtí an bhliain 2000, d'oibrigh buaicsherbhísí DART mar thraenacha ceithre charráiste. Tugadh cuid mhaith den obair in ollchlár infheistíochta flít mar aon le Uasghrádú an DART (arb é an toradh a bhí leis ardáin níos faide, athnuachan línte in airde agus saoráidí níos fearr do dhaoine atá faoi bhac gluaisteachta) chun críche i 2005. Tá tionscadal Uasghrádaithe an DART á chríochnú in am agus ar bhuiséad. Ba mhaith le Iarnród Éireann buíochas ar leith a ghlacadh le comaitéirí an deiridh seachtaine as a bheith foighneach agus tuisceanach i rith Uasghrádú an DART.

Intercity

Tá clár infheistíochta Intercity maidir le hiarnród agus infrastruchtúr tugtha chun críche. Tá traenacha nua Intercity ag teacht, agus tá na chéad 67 carráiste nua atá tiomanta do bhealach Chorcaigh-Bhaile Átha Cliath i mbun tástála faoi láthair.

Thosaigh na traenacha sin ag dul isteach sa tseirbhís in Earrach 2006, agus tabharfar isteach seirbhís de réir na huaire ar bhealach Chorcaigh-Bhaile Átha Cliath i 2007.

I 2005, méadaíodh an t-ordú ar 120 carr iarnróid Intercity breise go dtí 150 aonad. Feidhmeoidh na traenacha sin ar an gcuid eile de ghréasán Intercity, a chinnteoidh sochair ardchaigheáin, compoird agus traenacha níos minice. Leis an dá ordú ollmhóra sin, beidh flít Intercity Iarnród Éireann aistrithe ón bhflít is sine san Eoraip faoi láthair go dtí an flít is nua-aimseartha faoi 2008.

Bus Átha Cliath

Dhírigh iarrachtaí Bhus Átha Cliath, i rith 2005, ar chur an méid agus is féidir le haischur infheistíocht an Rialtais, targaidí oibríochta agus éifeachtúlacht ó thaobh costais de a bhaint amach.

Mhéadaigh ioncam, i 2005, go dtí os cionn €181 milliún agus bhain an chuideachta amach glan-bharrachas oibríochta de €2 mhilliún.


I dtéarmaí airgeadais, fuair Bus Átha Cliath, ar nós gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip, íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO). B'ionann an PSO sin i 2005 agus €65 milliún nó 26% de chaiteachas. Sin ceann de na leibhéil fóirdheontais is ísle a tugadh do chuideachta bus iompair phoiblí san Eoraip.

Turais phaisinéirí

B'ionann turais phaisinéirí foriomlán Bhus Átha Cliath agus 146 milliún i rith na bliana. In ainneoin infheistíocht shuntasach ó thaobh an Luas a thógáil agus a thabhairt isteach i 2004/2005, tá Bus Átha Cliath mar an soláthróir iompair phoiblí is mó fós i mBaile Átha Cliath, agus rochtain ag 93% den dhaonra ar na seirbhísí ansin. Léiríonn anailís ar scaipeadh iompair fás ar feadh go leor limistéir gheografacha, go háirithe alíniú bhealaí na mBealach Ardchaigheáin Bus (QBC). Tá an chuideachta ar an soláthróir iompair paisinéirí is mó in Éirinn freisin.

Costas €60 milliún de bharr tranglam tráchta

Mhéadaigh costas measta phlodú tráchta ar Bhus Átha Cliath 21.7% ó €49.36 milliún i 2004 go €60.05 milliún i 2005. D'ísligh uas-luais agus íos-luais arís, rud, dar le tuarascáil a rinne na comhchomhairleoirí BDO Simpson Xavier, a chuir Bus Átha Cliath síos níos faide ar an liosta nuair a dhéantar comparáid idir é agus iompar poiblí i gcathracha idirnáisiúnta eile.



Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

Tá uas-luais na maidine íslithe ó 14.6km/uair i 2001 go 12.9km/uair i 2005, de réir na tuarascála.

Bus Átha Cliath – ar an dream is fearr atá ag feidhmiú san Eoraip

Tá feidhmíocht Bhus Átha Cliath fós ard go maith ó thaobh feidhmíochta iompair bhus san Eoraip. Is toradh iontach é sin ós rud é go bhfuil ceann de na leibhéil is ísle d'íocaíocht PSO aige agus timpeallacht oibríochta sáinnithe.

I staidéar a rinneadh le gairid, bhí Bus Átha Cliath rangaithe ag leibhéal níos airde ná go leor oibrítheoirí san Eoraip atá ag fáil níos mó maoinithe. Cuireadh Bus Átha Cliath anois sa cheathrú cuid is fearr de chuideachtaí bus ar fud na hEorpa nuair a rinneadh anailís neamhspleách i dtéarmaí a bhaineann le sástacht chustaiméirí, compord agus sábháilteacht, iontaofacht seirbhísí, caighdeán flit, minicíocht seirbhísí agus iompar foirne.

Córas ticéadaithe nua

Tá Bus Átha Cliath ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht um Sholáthar Iarnróid (RPA) lena chinntiú go n-aistrefar go dtí córas ticéadaithe cárta cliste gan fadhb. Tá sainordú faighte ag an RPA ón Rialtas an córas náisiúnta ticéadaithe lánpháirtithe a fhorbairt.

Bus Éireann

Bhí an líon is airde paisinéirí a bhí riamh ag Bus Éireann acu i 2005, agus b'ionann sin agus 93 milliún paisinéir, lena n-áirítear 43.6 milliún paisinéir faoin Scéim Iompair Scoile. D'éirigh go maith leis an gcuideachta ó thaobh seirbhísí comaitéirí a sholáthar, i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus sna cathracha sna cúigí araon. Mar sin féin, bíonn costas i gceist fós le plódú tráchta don chuideachta agus don chustaiméir agus caithfear dul i ngleic leis sin trí níos mó bearta tosaíochta a sholáthar.

Bhí na dara coinníollacha plódaithe is measa sa tír ag comaitéirí i gCorcaigh a raibh meánluas thurais busanna sa chathair ag 24.4km/uair le linn na hamanna ba ghnóthaí, tá an cás beagáinín níos fearr le luais de 39km/uair agus 35km/uair ar an meán i nGaillimh.

Tugadh fás ar éileamh custaiméirí faoi deara sna réimsí ar fad sa ghnó agus tháinig ardú ar líon na bpaisinéirí a thaisteal ar sheirbhísí Expressway, Comaitéirí agus Cathracha sna Cúigí.

Thaisteal 21.6 milliún paisinéir ar sheirbhísí Cathracha sna Cúigí agus thaisteal 18 milliún paisinéir ar sheirbhísí comaitéirí.

Forbairtí Lárnacha i 2005

- Rinne an chuideachta €7.3 million a infheistiú i bhfeithiclí nua le go gcuirfí cóistí níos nua-aimseartha agus níos compordaí ar fáil do chustaiméirí.
- Cuireadh mórchláir athchóirithe i gcrích i stáisiúin bus i gCorcaigh, i mBéal an Átha agus i Sligeach i 2005 agus cuireadh tús le go leor eile cosúil leis an gceann i dTrá Lí. Rinneadh éacht mhór i lár 2005 nuair a cuireadh an chéad chéim d'athfhorbairt ilmhíliúin euro Busáras i gcrích agus beidh tús á chur leis an dara céim i 2006.
- Cuireadh tús le huasghradú ollmhór ar an bhflit Iompair Scoile agus tugadh isteach feabhsuithe tábhachtacha chun cur le sábháilteacht agus compord daltaí.



Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

- Tugadh seirbhísí nua isteach i gCorcaigh agus cuireadh feabhas ar mhinicíochtaí i Luimneach chun freastal ar an éileamh atá ar sheirbhísí comaitéirí mar aon le seirbhísí cathrach.
- Leathnaíodh seirbhísí san Iarthar agus san Iar-Thuaisceart go mór i 2005 agus bhí an leathnú sin dírithe ar Dhún na nGall agus ar bhealach bus Iarthar na hÉireann, rud a spreag naisc thurasóireachta agus iompair sna réigiúin sin agus cuireadh failte mhór roimh an spreagadh sin.

Baile Átha Cliath: Líon níos mó paisinéirí ná bhí riamh

Tháinig ardú 10% ar líon na bpaisinéirí a thaisteal ar sheirbhísí comaitéirí Bhus Éireann i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath i 2005. Tá líon chomaitéirí chathair Bhaile Átha Cliath a thaistealaíonn ar sheirbhísí Bhus Éireann dúbailte ó 1999 go dtí 15,000 turas paisinéirí in aghaidh an lae agus níos mó na 75,000 turas paisinéirí in aghaidh na seachtaine.

Ardú ar líon na bpaisinéirí – leathnú seirbhísí

Lean Limistéar Comaitéirí Bhaile Átha Cliath ag síneadh amach níos faide i 2005 agus anois tá raon 110 cileaméadar ón bpríomhchathair aige go Dún Dealgan agus go dtí an Cabhán atá ó Thuaidh, go dtí an Muileann gCearr agus Éadan Doire atá san Iarthar agus go dtí Guaire atá ó Dheas.

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag freagairt do riachtanas Limistéar Comaitéirí Bhaile Átha Cliath atá ag méadú, i 2005 trí:

- Líon na bhfeithiclí a fhreastalaíonn ar bhealaí comaitéirí a ardú.

- Mhinicíocht, raon agus líon na seirbhísí a mhéadú.

Bhí breis agus 150 feithicil á bhfeidhmiú ag Bus Éireann go laethúil chun freastal a dhéanamh ar líon ollmhór na gcomaitéirí. Bain Bus Éireann úsáid as 105 feithicil seirbhíse ar bhonn laethúil chomh maith le 45 feithicil bhreise a bhí ar fhochonradh, mar thacaíocht.

Tá minicíocht feabhsaithe ag Bus Éireann ar na príomhbhealaí comaitéirí ar fad le cúig bhliana anuas chun freastal a dhéanamh ar an líon paisinéirí atá ag ardú. Cuireadh feabhas go háirithe ar bhealaí ó Chontae na Mí isteach go Baile Átha Cliath.

Seirbhísí níos luaithe ar maidin agus níos deireanaí san oíche

Is treocht atá ag fás é an t-éileamh atá ar sheirbhísí níos luaithe fós ar maidin agus níos deireanaí fós san oíche, éileamh atá ag ardú. Tá freagra tugtha air sin ag Bus Éireann trí sheirbhísí atá níos luaithe agus níos deireanaí a chur i bhfeidhm. Tá níos mó agus níos mó comaitéirí ag roghnú imeacht níos luaithe ar maidin agus iad ag iarraidh aon mhoill a eascraíonn as plódú tráchta a sheachaint.

Críochfoirt eile i lár cathracha

Agus Bus Éireann ag aithint an éilimh atá ar iompar chuig cinn scríbe eile seachas lár chathair Bhaile Átha Cliath anois cuireadh tús le raon seirbhísí nua i 2005 a fhreastalaíonn ar eastáit thionsclaíocha agus criosanna atá ar imeall Bhaile Átha Cliath. Tugadh seirbhís nua isteach ó Chill Deaglán, a bhfuil go leor daoine ina gcónaí ann via Ráth Tó go Baile Bhlainséir chun freastal a dhéanamh ar riachtanais shiopaóirí agus lucht oibre.

Tugadh isteach an chéad seirbhís tiomanta atá ar bun ag Bus Éireann chun nascadh leis an Luas, a fhreastalaíonn ar riachtanais chustaiméirí a bhíonn ag dul ó Chill Mhantáin via Bré go Eastát Tionsclaíoch Átha an Ghainimh agus a nascann leis an Luas. Bogadh i dtreo seirbhísí tras-chathrach go dtí cinn scríbe, ar nós Belfield, a bhfuil tóir orthu a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh atá ar chríochfoirt lasmuigh de lár na cathrach.



Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

Plódú tráchta

In ainneoin an dul chun cinn substaintiúil a rinneadh ó thaobh seirbhísí nua a sheachadadh agus an fás a tháinig ar líon na gcustaiméirí i 2005, tá drochthionchar fós ag plódu tráchta ar na luais oibríochta agus ar an méid ama a thógann turais ar bhealaí comaitéirí – chun aimhleas na gcustaiméirí agus na cuideachta.

Measann BDO Simpson Xavier go bhfuil costas an phlódaithe tráchta bliantúil ar Bhus Éireann ardaithe ó €10.49 milliún i 2000 go €20.53 milliún do 2005.

D'éirigh le bearta tosaíochta bus, áit ar tugadh isteach iad, na mílte paisinéir nua a mhealladh i dtreo iompar poiblí tríd an méid ama a thógann turais a dhéanamh níos giorra agus iontaofacht a fheabhsú. Léiríonn siad go n-athróidh lucht carranna ó bheith ag taisteal i gcarranna príobháideacha go dtí iompar poiblí ach an méid ama a thógann na turais a bheith níos giorra.

Tá feabhas tagtha ar an méid ama a thógann roinnt turas ar roinnt bealaí comaitéirí Bhus Éireann de bhrí gur cuireadh láná bus ar fáil ar bhealaí áirithe. Tá leas mór bainte ag seirbhísí comaitéirí ón Muileann gCearr, ó Éadan Doire agus ó Chlaonadh mar shampla, as Bealach Ardchaighdeáin Bus Leamhcáin ar an N4.

I gcodarsnacht leis sin, bíonn moill ollmhór ar sheirbhísí ar Bhóthar na hUaimhe, áit nach bhfuil ach páirt-lána bus. Is iad na seirbhísí ó Chill Deaglán agus ó Ceanannas is measa atá buailte, a bhféadfadh moill daichead nóiméad a bheith orthu ag an am is gnóthaí ar maidin mar gheall go bhfuil an plódú tráchta chomh dona sin.

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath tá ag éirí thar cionn le láná bus na 'mBealaí Glasa' i gCorcaigh maidir le laghdú ar an méid ama a thógann turais ar sheirbhísí Bhus Éireann. Cruthaíodh dhá Bhealach Glas ón nGráinseach agus ó Bhaile an Easpaig chuig an gcathair agus tá dhá bhealach breise ó Bhaile na mBocht go dtí an chathair agus ó Aerfort Chorcaí go dtí an chathair le bheith i mbun feidhmíochta i 2006.

Tá an méid ama a thógann turais giorraithe freisin ag an láná bus atá i nGaillimh ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo go dtí an chathair agus tá iontaofacht na seirbhíse feabhsaithe freisin.

Tá Bus Éireann ag tacú le tabhairt isteach bearta tosaíochta bus le fada an lá, bearta tábhachtacha más rud é go bhfuil faoiseamh le fáil ón bplódú. Mar sin féin, cé go bhfuil dul chun cinn déanta i réimsí faoi leith, tá gá le leathadh amach níos leithne ar bhearta tosaíochta bus.

Tá an poitéinseal ag na bearta seo a leanas feabhas a chur ar phlódú tráchta:

- Ba chóir feabhas a chur ar thosaíocht ag comharthaí tráchta chun feabhas a chur ar amanna taistil tráchta comaitéirí, ionas go mbeidh iompar poiblí níos tarraingtí.
- Lánaí bus leanúnacha a chruthú in áiteanna a bhfuil plódú ar siúl faoi láthair gan láná bus.
- Lánaí bus reatha a leathnú nuair atá spás ar fáil, chun seirbhísí comaitéirí a éascú an bealach go léir go dtí lár na cathrach.
- Dá ndéanfaí láná bus as gualainn chrua, bheadh níos mó spáis d'úsáideoirí eile na mbóithre eile agus d'fheabhsódh an sruth tráchta bus chomh maith.
- Dá mbeadh rochtain ag busanna ar Línte Luas, go háirithe ag buaicthréimhsí, shábháilfí go leor ama sna háiteanna sin nach bhfuil láná bus leanúnach iontu.



Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

Seirbhísí Ghrúpa CIÉ

CIÉ Tours International

Lean CIÉ Tours International ag bainistiú a ghnó go maith agus go brabúsach i 2005. I dtimpeallacht ina raibh coinníollacha trádála deacair go ginearálta ag an ngnó turasoireachta, chruthaigh CIÉ Tours le 47,000 paisinéirí, ollioncain de €51 milliún, síos 8% ar an mbliain roimhe sin.

Gné shásúil, áfach d'fheidhmíocht 2005 gur fhan príomhghnó turasoireachta cóiste in Éirinn láidir go maith. B'shin dea-scéal do CIÉ Tours agus do na céadta taitneamhachtaí turasoireachta tuaithe agus soláthróirí cóiríochta. Bhí brabúis go maith agus bhí an líon daoine ar na cóistí ag leibhéal costasaithe.

Bhí an laghdú ioncain le tabhairt faoi deara níos mó i ngnó a bhí ag teacht ó Stáit Aontaithe Mheiriceá mar gheall ar laghdú ar an líon daoine a thaisteal agus mar gheall ar na fadhbanna a chruthaigh neamhchinnteacht luach an Dollar do dhaoine a raibh sé i gceist acu taisteal.

D'infheistigh CIÉ Tours go leor i rith 2005 i gcórais teicneolaíochta idirlín agus tá córais lánpháirtithe go hiomlán maidir le háiríthint, oibríocht agus cuntasáíocht ann do shéasúr 2006.

Bhí gá le clár leanúnach réalaíthe de phróiseas gnó agus rannpháirtíocht margaidh/táirgí chun brabús foriomlán a choimeád agus lena chinntiú go mbeidh an gnó ábhartha agus riachtanach araon do na custaiméirí a bhfuiltear dírithe orthu.

Maoin an Ghrúpa

Bhain Rannán Maoine CIÉ amach €6.0 milliún as maoin bhreise a dhíol.

Ba ionann ioncam ó chíos agus €13.1 milliún, ardú 2.3% ar 2004, nuair a bhaintear íocaíochtaí chead slí agus íocaíochtaí breise ó Esat BT Ireland, a fuarthas i 2004, as an áireamh.

Tá an Rannán ag obair i láthair na huair, thar ceann na bhfochuideachtaí, ar olltionscadail i mBaile Átha Cliath (Duga Spencer, Sráid na Bearú agus Sráid na Mainistreach Uachtarach/Sráid na Trá Mhór), i gCorcaigh (Stáisiún Kent), san Fhaiche Mhór i nGaillimh, i gCill Chainnigh agus i bPort Laoise.

Leanann an Rannán Maoine de bheith ag cur comhairle ghairmiúil ar fáil do thionscadail infrastruchtúir éagsúla Iarnród Éireann, e.g. síneadh le DART, dúnadh crosairí comhréidh, agus Uasghrádú ar Líne Chill Dara, Mainistir na Corann agus Pace (Dún Búinne) etc.

Thángthas ar chomhréiteach ar deireadh ar athluacháil an Iarnróid do chríocha rátála, a rinneadh i 2005, leis an Oifig Luachála agus bunaíodh Luacháil Domhanda.

An Gréasán Fógraíochta Comaitéara (CAN)

Rinne CAN glanbhrabús de €6.8 milliún do 2005 as formáidí fógraíochtaí bus agus iarnróid a dhíol. Táthar ag leanúint den straitéis deiseanna tráchtála nua a fhorbairt, lena n-áirítear an méid agus is féidir a chur le poitéinseal ioncain fógraíochta a mhaoine. D'éirigh le tairiscint Titan Outdoor i Nollaig 2005 do ghnó lasmuigh agus bronnadh conradh cúig bhliana orthu chun margáíocht a dhéanamh ar ghléasra fógraíochta agus iad a dhíol, le béim ar leith ar an dá chuideachta a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht.

Saincheisteanna Corparáideacha

Fostaíocht

Bhí 11,823 duine fostaithe ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2005, laghdú 149 i gcomparáid le 2004.

Rannpháirtíocht Foirne

Is í príomhshócmhainn CIÉ ná an fhoireann. Is é beartas an Ghrúpa an tsócmhainn sin a úsáid a mhéid is féidir trí chultúr obair foirne agus rannpháirteacht a fhorbairt go forchéimneach tríd an nGrúpa. Spreagtar an fhoireann a bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú an Ghrúpa trína bheith páirteach go gníomhach i bhfoirne tionscadail, i bpáirtithe oibre agus i dtionscnaimh fheabhsaithe seirbhísí atá dírithe ar an gcustaiméir. Forálar do cheithre stiúrtóir ar oibríthe iad ar Bhord CIÉ.

Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa de bheith ag athbhreithniú deiseanna chun comhionannas san áit oibre a fheabhsú do na grúpaí ar fad atá clúdaithe ag an reachtaíocht Chomhionannais. Coinnítear an raon tionscnamh Cóimheá Oibre-Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun a chleachtais agus a nósanna imeachta a fhorbairt m.sh. trína bheith ina chomhalta de

Athbhreithniú Oibríochtaí ar lean

Ghrúpa Oibre na hÉagsúlachta san Áit Oibre in IBEC. Bíonn comhchomhairle rialta freisin aige le hionadaithe eagraíochtaí do dhaoine atá faoi bhac gluaiseachta chun tosaíochtaí a chruthú d'infheistíochtaí i saoráidí do ghrúpaí den sórt sin.

Sábháilteacht, sláinte agus leas

Leanann coiste sábháilteachta an bhoird i ngach aon ceann de na cuideachtaí oibríochta de bheith ag tacú go gníomhach le cláir shábháilteachta gach aon cuideachta agus spreagtar an rannpháirtíocht is leithne i gcur chun cinn sábháilteachta agus timpistí a chosc.

Tá Cláir Dea-Bhail Fostaithe á bhfeidhmiú ag cuideachtaí an ghrúpa freisin.

Cleachtas Íocaíochta

Aithníonn ClÉ a fhreagracht ina chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Mhall) 2002. Ba é an beartas íocaíochta ar fud an Ghrúpa in 2005 ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh.

Beartas fála

Is ann do Bheartas Fála Ghrúpa ClÉ lena chinntiú go gcomhlíontar Treoracha Fála agus Úsáideanna Poiblí ón AE, chomh maith le beartais an Bhoird agus an Rialtais. Cuireadh mórán gach fáil os cionn na dtairseach cáilíochta ar thairiscint oscailte agus cuireadh isteach in Iris an AE iad nuair ba chúí.

Príomhrioscaí

Déileálann Grúpa ClÉ le príomhrioscaí na ngnóthaí ar roinnt bealaí lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht atá tuairiscithe thuas. Coimeádann gach cuideachta clár riosca a thugtar cothrom le dáta go tréimhsiúil leis na rioscaí éagsúla agus na pleananna gnímh chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Téann Iarnród Éireann, thar a cheann féin, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, i mbun conarthaí Babhtála Tráchtarraí maidir le breosla. Téann Córas Iompair Éireann (ClÉ) i mbun airgead a cheannach roimh ré nuair a bhreithnítear go bhfuil luach agus riosca níos lú ann don Ghrúpa.



Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a sholáthraíonn iompar poiblí i bPoblacht na hÉireann. Tá sé faoi lán-úinéireacht Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé chuig an Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbháíochta an Ghrúpa eagraithe i gcúig fhochuideachta oibríochta, dhá aonad gnó agus soláthróirí seirbhíse foghabhálacha. Eatarthu soláthraíonn siad seirbhísí do:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Iompar lastais iarnróid
- Lónadóireacht traenach agus talún
- Taisteal cathrach, idirchathrach, tuaithe agus bus scoile
- Iompar lastais bóthair
- Bainistíocht cuain
- Turais ócáide/saoire
- Seirbhísí teagmhasacha: Bainistíú tionscadal; Maoin; Dlí; Bainistíú Árachais/Dliteanais; seirbhísí TE agus Telecom.

Soláthraíonn an chuideachta shealbháíochta treoir straitéiseach, rialú agus comhordú foriomlán cé go bhfuil féinriail oibríochta fhorleathan ag gach fochomhlacht agus aonad gnó.



Córas Iompair Éireann

CIE Tours International Inc.
Gréasán Fógraíochta Comaitéara (CAN)
Maoin Ghrúpa CIÉ
Bainistíú Árachais/Dliteanais
Seirbhísí Dlí

Iarnród Éireann

Intercity	Bruachbhailte
Comaitéar Aistear Fada	Lastas Iarnróid
Lastas Bóthair	Cuan Ros Láir
Lónadóireacht an Ghréasáin (Dubel Ltd.)	

Bus Éireann

Expressway	Seirbhísí Tuaithe
Seirbhísí Cathrach Cúige	Seirbhísí Bus Scoile
Tástáil Feithiclí Tráchtála	Fruilliú Príobháideach

Bus Átha Cliath

City services	Xpresso
Nitelink	Airlink
City tours	Fruilliú Príobháideach

Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí den bhord ag aon tráth i rith na bliana dar chríoch an 31ú Nollaig 2005 nó a ceapadh ina dhiaidh sin, leagtha amach anseo Seachas san áit a léirítear sin d'fhóin siad mar chomhaltaí boird do bhliain iomlán.

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach Feidhmeannach
(Athcheaptha an 28ú Márta, 2005)

M. Canniffe Uasal (Ceaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal P. Cullen* (Athcheaptha an 1ú Nollaig, 2005)

M. Johnston Uasal* (Ceaptha an 1ú Nollaig, 2005)

An tUasal P. Kiely (Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal B. McCamley* (Athcheaptha an 1ú Nollaig, 2005)

An tUasal J. Moloney* (Ceaptha an 1ú Nollaig, 2005)

An tUasal N. Ormond (Ceaptha an 2ú Márta, 2005)

An tOllamh Y. Scannell (Ceaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal J. Sorohan (Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

M. Walsh Uasal

An tUasal J. Baily (Ar Scoir 1ú Márta, 2005)

An tUasal G. Charles* (Ar Scoir 30ú Samhain, 2005)

An tUasal K. Cronin (D'éirigh as 19ú Aibreán, 2005)

A. M. Mannix Uasal* (Ar Scoir 30ú Samhain, 2005)

An tUasal N. Wilkinson (Ar Scoir 1ú Márta, 2005)

* Comhalta oibrí

1 folúntas

Rúnaí an Bhoird

G. Finucane Uasal,
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.
Teileafón + 353 1 703 2008
Faic + 353 1 703 2276

Coistí an Bhoird amhail an 6ú Aibreán, 2006

An Coiste Iniúchta

An tUasal P. Kiely Cathoirleach
(Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal J. Baily (Ar Scoir an 1ú Márta, 2005)

M. Canniffe Uasal (Ceaptha an 1ú Meitheamh, 2005)

An tUasal N. Ormond (Ceaptha an 7ú Nollaig, 2005)

An tUasal J. Sorohan (Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal N. Wilkinson (Ar Scoir an 1ú Márta, 2005)

An Coiste Airgeadais

An tUasal P. Kiely Cathoirleach
(Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal J. Baily (Ar Scoir an 1ú Márta, 2005)

An tUasal J. Sorohan (Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

M. Walsh Uasal

1 folúntas

An Coiste Luach Saothair

An tUasal P. Kiely Cathoirleach
(Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

An Dr. J. J. Lynch (Athcheaptha an 2ú Márta, 2005)

An tUasal J. Sorohan (Ceaptha an 4ú Bealtaine, 2005)

An tUasal N. Wilkinson (Ar Scoir an 1ú Márta, 2005)

Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta ar lean

An Coiste Maoine

M. Walsh Uasal Cathaoirleach

An tUasal G. Charles (Ar Scoir an 30ú Samhain, 2005)

A. M. Mannix Uasal (Ar Scoir an 30ú Samhain, 2005)

An tUasal N. Ormond (Ceaptha an 1ú Meitheamh, 2005)

2 fholúntas

Bainistíocht an Ghrúpa

An tUasal J. Cullen Príomhoifigeach Airgeadais

An tUasal B. Dowling Stiúrthóir Bainistíochta,
CIE Tours International

An tUasal D. Fearn Príomhoifigeacha, Iarnród Éireann

An tUasal T. Hayes Príomhoifigeach, Bus Éireann

An tUasal J. Meagher Príomhoifigeach, Bus Átha Cliath

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúcháirí Cláraithe,
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2.

Atur nae

An tUasal M. Carroll,
Teach Bridgewater,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas Rialála Corparáidí

Leagann an Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit amach na prionsabail rialála corparáidí a bhíonn ar chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

Tá an Bord comhdhéanta de dhá chomhalta déag le folúntas amháin ann i láthair na huair. Ceapann an Rialtas an Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí neamhfheidhmeannacha eile ar an mBord. Ceapann an tAire Iompair freisin ceathrar comhaltaí oibrithe do théarma ceithre bliana tar éis toghcháin ag foireann an Ghrúpa.

Bíonn cruinniú ag an mBord go míosúil agus ar ócáidí eile de réir mar is gá. Bíonn sceideal foirmiúil aige de nithe a bhíonn coinnithe go sainiúil dá athbhreithniú, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, buiséid, an plean corparáideach, fáil shuntasach agus diúscairt, infheistíochtaí, caiteachas suntasach caipitil, ceapacháin shinsearacha bainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun eolas bainistíochta a thuirisciú don Bhord, ar bhonn míosúil.

Bíonn rochtain ag comhaltaí uile an Bhoird ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaíochta an Ghrúpa.

Coistí an Bhoird

Bunaítear Coistí chun cabhrú leis an mBord in urscaoileadh a fhreagrachtaí. Tá na coistí comhdhéanta de Choiste Iniúchta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Maoine agus Coiste Luach Saothair. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe ar leathanaigh 16 agus 17.

An Coiste Iniúchta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchta agus tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí neamhfheidhmeannacha den Bhord. Bíonn cruinniú aige go tréimhsiúil le bainistíocht shinsearach an ghrúpa, leis na hiniúcháirí seachtracha agus le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha an Ghrúpa, pleananna iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus na torthaí ina dhiaidh sin, roghnú beartas cuntasáiochta, an tuarascáil iniúchta reachtúil, tuairisciú airgeadais lena n-áirítear na cuntais iniúchta bhliantúla, agus nithe gaolmhara eile. Tá freagracht ar an gCoiste Iniúchta freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha agus athbhreithniú a dhéanamh ar chineál agus méid na hoibre neamhiniúchta a dhéanann siad lena chinntiú go mbíonn cothromas ceart idir oibiachtúlacht agus costaséifeachtacht. Tá lánrochtain gan srian ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar an gCoiste Iniúchta. Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus bíonn cruinniú acu go bliantúil leis an gCoiste gan an bhainistíocht i láthair lena chinntiú nach mbíonn aon ábhar imní fós ann.

An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige. Tá folúntas amháin ar an gcoiste seo faoi láthair. Bíonn cruinniú aige leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an mbainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár caipitil an Ghrúpa, an tosaíocht a thugtar do thograí caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid oibríochta agus caipitil bhliantúla agus ciste an Ghrúpa, fáil agus beartais diúscairthe. Déanann an coiste athbhreithniú freisin ar árachas agus straitéis airgeadais an Ghrúpa. Tá de dhualgas air freisin a chinntiú go gcumasaíonn córais eolais bhainistíochta an Ghrúpa feidhmiú éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

Ráiteas Rialála Corparáidí ar lean

Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord as córais rialaithe airgeadais inmheánaigh an Ghrúpa. Ní féidir leis na córais sin ach dearbhú réasúnach agus nach bhfuil absalóideach a thabhairt in aghaidh aon mhírítis ábhartha nó cailleanais.

Áirítear ar chórais rialaithe fhoriomlána an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údarais i scríbhinn, deighilt chuí ar dhualgais agus sásraí tuairiscithe chuig leibhéal arda bainistíochta, boird na bhfochuideachtaí, Coistí an Bhoird agus chuig an mBord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar réimsí lárnacha riosca airgeadais lena n-áirítear riosca ciste.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála lena gcuirtear feidhmíocht iarbhrí i gcomparáid le buiséad réamhcheadaithe ag deireadh na tréimhse airgeadais agus déantar aon treochtaí nó athruithe suntasacha a imscrúdú. Scaiptear na tuarascálacha sin chuig an mBord ar bhonn míosúil i gcomhair athbhreithnithe.
- Bunú treoirilínte soiléire do cheadú agus rialú chaiteachas caipitil. Áirítear orthu sin buiséid chaipitil bhliantúla a ullmhú a bhíonn ceadaithe ag an mBord i gcomhchomhairle leis an Roinn Iompair, agus staidéir féidearthachta mionsonraithe roimh cheadú ag an leibhéal cuí údarais (lena n-áirítear an Roinn Iompair do thionscadail mhóra). Do thionscadail mhóra, ullmhaítear tuairisc rialta dul chun cinn chuig an mbainistíocht agus chuig bord na fochuideachta cuí agus ní mór páipéar dúnta amach foirmiúil a chomhlánú do gach tionscadal suntasach caipitil.

- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa New Works atá comhdhéanta de stiúthóir agus bainistíocht shinsearach Iarnród Éireann, athbhreithniú ar bhonn míosúil ar thograí tionscadail, na próisis tairisceana agus measúnachta a ghlactar agus an dul chun cinn ar mhórhionscadail chaipitil in aghaidh amchlár agus buiséid tionscadail.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa, a bhfuil ról ar fud an Ghrúpa aige, athbhreithniú go córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, cuireann iniúchadh inmheánach béim ar réimsí riosca mór mar a shainithnítear iad ag an gcreat anailíse riosca. Tá ról agus freagrachtaí an Iniúchta Inmheánaigh sainmhínithe ag cairt atá ceadaithe ag an mBord. Tuairiscíonn Ceann an Iniúchta Inmheánaigh go foirmiúil chuig an gCoiste Iniúchta.

Tá Athbhreithniú déanta ag an mBord tríd an gCoiste Iniúchta ar éifeachtacht na gcórais rialaithe airgeadais inmheánaigh trí:

- Athbhreithniú ar an gclár iniúchta inmheánaigh (ullmhaithe tar éis an phróisis mheasúnaithe riosca iniúchta) agus breithniú ar na mórchinntí.
- Breithniú ar mhórchinntí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúcháora sheachtraigh, ina bhfuil mionsonraí aon shaincheisteanna ábhartha rialaithe arna sainithint mar thoradh ar a n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Is ann do phróiseas Bainistíochta Riosca ar fud an Fhiontair (EWRM) chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí mhórrioscaí gnó lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochta, straitéiseacha, contúirte agus comhlíonta.

Ba chóir go soláthródh an próiseas seo an dearbhú go sainithneofar saincheisteanna riosca ábhartha agus go ndéanfaí gníomhartha cuí. Is ann do Chláir Rioscaí Doiciméadaithe.

Ráiteas Rialála Corparáidí ar lean

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin

Tá beartais Chóras Iompair Éireann i ndáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird feidhmiúcháin de réir “Arrangements for determining the remuneration of Commercial State Bodies under the aegis of the Department of Public Enterprise”, a eisíodh i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin. Tá a luach saothair sin socraithe laistigh de raon arna chinneadh ag na hAirí Airgeadais agus Iompair.

Luach Saothair na gComhaltaí Eile

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair gach comhalta eile den Bhord i ndáil lena ndualgais mar chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Faigheann comhaltaí boird arna gceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 luach saothair freisin de réir a gconarthaí fostaíochta.

Gnóthas Reatha

Tá comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa le leanúint i mbun gnó don toadhchaí intuartha. Ar an gcúis sin, leanann siad de bheith ag glacadh bonn ‘gnóthais reatha’ d’ullmhú na gcuntas.

Ráiteas d'Fhreagrachtaí an Bhoird

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin freagrachtaí chomhaltáí Bhord Chóras Iompair Éireann. Ceanglaíonn an reachtaíocht sin ar chomhaltáí an Bhoird a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíochta na hÉireann lena mbaineann, léargas fóircheart ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar chomhaltáí an Bhoird a chinntiú:

- go bhfuil beartais chuntasaíochta oiriúnacha roghnaithe agus curtha i bhfeidhm go seasta;
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastachán a bhíonn déanta réasúnach agus stuama; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá comhaltáí an Bhoird freagrach as a chinntiú go bhfuil taifid chuí cuntasaíochta coinnithe a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais an Achta Iompair, 1950, agus gach Rialachán atá le forléiriú i dteannta leis an Acht mar aon ní amháin.

Tá siad freagrach freisin as céimeanna a ghlacadh atá réasúnta oscailte dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a bhrath.

Is iad na bearta a ghlac an Bord lena chinntiú go gcomhlíontar a oibleagáid leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinntear freagrachtaí stiúrtóirí fhochuideachtaí an Bhoird leis an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí na gcuideachtaí is infheidhme.

Tuarascáil na nIníúcháirí chuig an Aire Iompair

Mar iniúcháirí ceaptha ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 le do thoilú, tá iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 24 go dtí 61 againn, atá ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus na mbeartas cuntasáiochta atá leagtha amach ar leathanaigh 24 go dtí 26.

Freagrachtaí faoi seach Chomhaltaí an Bhoird agus na nIníúcháirí

Tá freagrachtaí an Bhoird chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann lena mbaineann agus na caighdeáin chuntasáiochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasáiochta arna fhoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte (Cleachtais Cuntasáiochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 21 i ráiteas d'fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais iomchuí dlí agus rialacháin chuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire). Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, ullmhaithe don Aire Iompair, agus dósan amháin, de réir Alt 34 (2) (a) den Acht Iompair, 1950 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscimid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí, thorthaí agus sreabhadh airgid an Ghrúpa de réir na gCaighdeán Cuntasáiochta a bhfuil Glactha go Ginearálta leo in Éirinn. Luaimid cibé an bhfuairamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críoche ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscimid duit freisin ár dtuairim maidir le cibé ar choinnigh Córas Iompair Éireann leabhair chuntais chuí.

Tuairiscimid freisin duitse, más rud é, inár dtuairim, nach nochtáitear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí agus, nuair is indéanta sin, faisnéis mar sin a chur san áireamh inár dtuarascáil.

Tá an fhaisnéis eile sa Tuarascáil Bhliantúil léite againn agus breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach go bhfuil aon mhíríteas dóchúil nó aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne comhaltaí an Bhoird in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasáiochta cuí d'imthosca an Ghrúpa, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtáitear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaioise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuarascáil na nIniúcháirí chuig an Aire Iompair ar lean

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa amhail an 31ú Nollaig, 2005 agus ar bharrachas agus sreabhadh airgid an Ghrúpa don bhliain dar chríoch amhlaidh.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeáda ag Córas Iompair Éireann. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

**PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe,**

5ú Aibreán, 2006.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

(A) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta sin a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo agus ráitis airgeadais á n-ullmhú a thugann léargas fíorcheart na caighdeáin arna fhoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil.

Tá athbhreithniú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe sin chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

(B) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a fhochuideachtaí:

Iarnród Éireann – Irish Rail agus
a fhochuideachta Dubel Limited

Bus Éireann – Irish Bus

Bus Átha Cliath – Dublin Bus

Déileáiltear le CIE Tours International Incorporated mar chraobh de Chóras Iompair Éireann chun críche cuntasaíochta.

Déileáiltear le Dubel Limited mar chraobh de Iarnród Éireann-Irish Rail chun críche cuntasaíochta.

(C) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta de luach comhlán na seirbhísí a sholáthraítear.

(D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra de chórais. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra atá cheana ann, a chothabhálann an acmhainn oibríochta de réir chaighdeáin shainmhíthe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus cuirtear san áireamh iad ag costas tar éis deontais a bhaint as.

Is é an muirear dímheasa do na línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann an leibhéal measta den chaiteachas bliantúil a bhíonn riachtanach chun acmhainneacht oibríochta an líonra a chothabháil agus tá sé bunaithe ar phlean bhainistiú sócmhainní Iarnród Éireann – Irish Rail.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a acmhainn oibríochta sa bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaol úsáideach.

(ii) Stoc rollta iarnróid

Déantar innill traenach (ach amháin iad sin a ndéantar lán-dhímheas orthu nó a fhaightear gan aon chostas) a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Déantar carranna ráille, an stoc cóistí agus vaigíní a dhímheas freisin, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta ar lean

(iii) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar costais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, a dhímheas thar a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadain ag laghdú ach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí trína fad saoil. Déantar costais stairiúla na mbusanna scoile a dhímheas i dtráthchodanna comhionanna bliantúla i rith a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(iv) Feithiclí lastais bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ag baint úsáide as modh shuim na bhfigiúirí.

(v) Dugaí, cuanta agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar na haicmí thuasluaite de shócmhainní a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(vi) Talamh agus foirgnimh

Déantar foirgnimh a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe thar fhad saoil caoga bliain. Cuirtear luach de réir na leabhar ar thalamh agus ar fhoirgnimh atá ar fáil le díol agus ar dócha go ndéanfar iad a dhiúscairt sna chéad dhá mhí dhéag eile san áireamh i sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

(E) Sócmhainní Léasaithe

(i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21 (Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costais chaipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inlámhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá míreanna caipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh i gcreidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus cailleanais i rith thréimhse príomha an léasa.

(ii) Léasanna oibríochta

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus cailleanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

(F) Stoic

Déantar stoic ábhair agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus forálar do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

(G) Oibleagáidí Aontas Eorpaigh agus Seirbhíse Poiblí agus Deontais Stáitchiste Eile

(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann

Tá deontais a fuarthas do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann bainte as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, a cheanglaíonn go dtaispeánfaí na sócmhainní seasta inlámhsithe ag costas agus as sin deontais agus ranniocaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, i dtuairim an Bhoird, riachtanach do na ráitis airgeadais chun léargas fíorcheart a thaispeáint mar nach bhfuil aon shaol infhoirceanta ag na línte agus oibreacha iarnróid sin agus dá bhrí sin nach ann d'aon bhunús ar a bhféadfaí deontais agus ranniocaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chreidiúnú chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailleanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais Ioncaim

Glactar deontais ioncaim chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailleanais sa bhliain a mbíonn siad infhaighte.

(iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailleanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta ar lean

(H) Airgeadra Coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó cailteanais malartaithe réadaithe ar idirbheartaíochtaí a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

Déantar iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarma, lena n-áirítear an chion sin is iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhardaithe, a aistriú ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe (rátaí dúnta) agus cuirtear na gnóthachain nó cailteanais mar thoradh air san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais.

(I) Pinsin

Tomhastar sócmhainní scéime pinsin sochair sainmhínithe ag luach chóir. Tomhastar dliteanais na scéime pinsin sochair sainmhínithe ar bhunús achtúire ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe. Cuirtear farasbarr na ndlíteanas scéime i láthair ar an gclár comhardaithe mar dhlíteanas. Tá an muirear pinsin sainmhínithe ar bhrabús oibríochta comhdhéanta de chostas seirbhíse reatha agus costais sheirbhíse roimhe seo. Cuirtear an farasbarr ar an aiscur ionchais ar shócmhainní scéime thar an chostais úis ar dhlíteanais na scéime i láthair sa chuntas brabúis agus cailteanais mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus cailteanais ag teacht as na hathruithe i mbonn tuisceana achtúire agus ó fharasbarr agus easnaimh sa ráiteas gnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlán don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Maidir le blianta roimhe seo, bhí an muirear pinsin sochair sainmhínithe don chuntas brabúis agus cailteanais comhdhéanta de chostas rialta ríofa ag an achtúire, coigeartaithe ag éifeacht éagsúlachtaí ó chostas rialta thar shaol seirbhíse a mheastar atá fágtha d'fhostaithe sa scéime. Tháinig éagsúlachtaí mar sin ó chostas rialta ó athruithe i mbonn tuisceana achtúire agus ó thaithe barrachais agus easnaimh.

(J) Athruithe i mBeartais Chuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag baint úsáide as na beartais chuntasaíochta céanna atá leagtha amach sna ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2004 le heisceacht an bheartais chuntasaíochta ar shochair scoir tar éis glacadh le “Sochair Scoir” FRS 17. Is ionann glactha an chaighdeán sin agus athrú i mbeartas cuntasaíochta agus tá na figiúirí comparáideachta athluaite dá réir sin.

(K) Costais Infrastruchtúr Iarnróid

De réir Threoir ó Chomhairle an AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann a chinntiú go gcoinneofaí na cuntais don ghnó seirbhíse iompair agus iad sin don ghnó bainistíochta den infrastruchtúr an iarnróid ar leithligh. Breithnítear na costais infrastruchtúir sin de réir larscríbhinn 1.A le hUimhir Rialacháin AE. 2598/70.

An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig	Nótaí	2005 €000	2004 €000 Athluaite
Ioncam	1	704,520	683,547
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(534,023)	(511,952)
Ábhair agus seirbhísí	4	(380,110)	(368,314)
Dímheas	5	(52,589)	(56,375)
Costais oibríochta eisceachtúla	6	(7,887)	(19,174)
Iomlán na gcostas oibríochta		(974,609)	(955,815)
Easnamh roimh bhrabús ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe, úis agus Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(270,089)	(272,268)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	7	5,675	25,265
Easnamh roimh ús agus Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(264,414)	(247,003)
Ús infhaighte		302	119
Ús iníochta - Oibríocht	8	(889)	(1,939)
- Infrastruchtúr Iarnróid	8	(1,545)	(2,212)
Ioncam airgeadais eile	24	8,900	2,700
Easnamh don bhliain roimh Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(257,646)	(248,335)
Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais	9	283,427	267,786
Barrachas don bhliain		25,781	19,451

Tá gluaiseachtaí i gcúlchistí taispeánta i nótaí 20, 21 agus 22 do na ráitis airgeadais.

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Thar ceann an bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal. P Kiely Board Member

Ráiteas Gnóthachain agus Cailteanais Iomlána

		Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig	
Nótaí		2005	2004
		€000	€000
Barrachas don bhliain		25,781	19,451
Cailteanas achtúire i ndáil le scéim phinsin	24	(8,100)	(94,100)
Gnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlán i ndáil leis an mbliain		17,681	(74,649)
Coigeartú na bliana roimhe sin	20	(287,000)	
Gnóthachain agus cailteanais iomlána ó na ráitis airgeadais eile		(269,319)	

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31ú Nollaig	Nótaí	2005 €000	2004 €000 Athluaite
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	11	1,628,195	1,459,124
Sócmhainní Airgeadais	12	20	20
		1,628,215	1,459,144
Sócmhainní reatha			
Stoic	13	49,022	39,678
Féichiúnaithe	14	211,285	93,669
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		4,851	2,535
		265,158	135,882
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	15	(397,769)	(378,703)
Glan-dlíteanais reatha		(132,611)	(242,821)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		1,495,604	1,216,323
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	16	(40,076)	(45,495)
Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear	18	(186,152)	(176,320)
Oibleagáidí sochair scoir	24	(284,400)	(287,000)
Ioncam iarchurtha	19	(1,045,686)	(785,899)
		(60,710)	(78,391)
Arna mhaoiniú ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	22	237,310	237,310
Cúlchiste Caipitil		28,556	28,556
Easnamh an Chuntais Brabúis agus Cailteanais	20	(339,087)	(356,768)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
	21	(60,710)	(78,391)

Thar ceann an bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal. P Kiely Comhalta Boid

Clár Comhardaithe na Cuideachta

Amhail an 31ú Nollaig	Nótaí	2005	2004
		€000	€000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	11	394,660	341,160
Sócmhainní Airgeadais	12	300,959	306,074
		695,619	647,234
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	14	90,437	99,736
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		3,264	2,225
		93,701	101,961
Creidiúnaithe (méideanna dlite lastigh de bhliain amháin)	15	(325,397)	(340,625)
Glan-dlíteanais reatha		(231,696)	(238,664)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		463,923	408,570
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	16	(40,076)	(45,495)
Ioncam Iarchurtha	19	(222,076)	(163,337)
		201,771	199,738
Arna Mhaoiniú ag:			
Cúlchistí			
Cúltaca athsholáthar sócmhainní	22	108,643	108,643
Cúlchiste Caipitil		28,556	28,556
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	20	52,061	50,028
Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha		12,511	12,511
	21	201,771	199,738

Thar ceann an bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal. P Kiely Comhalta Boid

Ráiteas Comhdhlúite Faoi Shreabhadh Airgid

Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig	Nótaí	2005 €000	2004 €000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	23(A)	56,066	102,723
Aischur ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais agus ioncam airgeadais eile	23(B)	(1,990)	(3,953)
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais agus ioncam airgeadais eile	23(B)	(39,743)	(160,365)
Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadais		14,333	(61,595)
Airgeadú - méadú i bhfiachas	23(B)	(3,997)	(6,401)
Méadú/(laghdú) in airgead sa bhliain		10,336	(67,996)
Réiteach an ghlan-sreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanfhiach (<i>nóta 23(C)</i>)			
Méadú/(laghdú) in airgead sa bhliain		10,336	(67,996)
Gluaiseacht airgid ó laghdú i bhfiacha agus airgeadú léasa		3,997	6,401
Athrú i nglanfhiach mar thoradh ar insreabhaidh airgead		14,333	(61,595)
Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain		14,333	(61,595)
Glanfhiach amhail an 1ú Eanáir		(149,928)	(88,333)
Glanfhiach amhail an 31ú Nollaig	23(C)	(135,595)	(149,928)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31Ú NOLLAIG

Comhdhlúthú			Iarnród	Bus	Bus Átha	Iomlán 2005 €000	Iomlán 2004 €000
	FRS 17	CIÉ	Éireann	Éireann	Cliath		
	€000	€000	-Irish Rail €000	-Irish Bus €000	-Dublin Bus €000		
Ioncam							
Iarnród							
- An rannán ráille bruachbhailte			42,019			42,019	37,554
- An rannán ráille príomhlíne			139,841			139,841	135,761
			181,860			181,860	173,315
Lastas bóthair			29,845			29,845	31,896
Cuan Ros Láir			10,579			10,579	10,270
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					181,453	181,453	177,553
- Cathracha cúige				23,373		23,373	22,709
- Seirbhísí Eile				217,917		217,917	203,828
Turais	46,220					46,220	50,830
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha							
		13,273				13,273	13,146
Ioncam Iomlán		59,493	222,284	241,290	181,453	704,520	683,547
Caiteachas							
Iarnród							
- An rannán ráille bruachbhailte							
Costais Oibríochtaí			61,435			61,435	60,764
Costais infrastruchtúir			18,668			18,668	17,474
- An rannán ráille príomhlíne							
Costais oibríochta			195,745			195,745	190,476
Costais infrastruchtúir			170,937			170,937	137,722
			446,785			446,785	406,436
Lastas bóthair			29,486			29,486	30,701
Cuan Ros Láir			7,339			7,339	7,622
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					245,778	245,778	239,944
- Cathracha Cúige				33,391		33,391	33,353
- Seirbhísí eile				229,921		229,921	211,888
Turais	45,292					45,292	49,944
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha							
	(1,800)	18,131				16,331	12,449
Caiteachas Iomlán	(1,800)	63,423	483,610	263,312	245,778	1,054,323	992,337

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31Ú NOLLAIG (ar lean)

Comhdhlúthú			Iarnród	Bus	Bus Átha	Iomlán	Iomlán
	FRS 17	CIÉ	Éireann	Éireann	Cliath		
€000	€000		-Irish	-Irish	-Dublin	2005	2004
			Rail	Bus	Bus	€000	€000
			€000	€000	€000		Athluaite
(Easnamh)/barrachas							
Iarnród							
- An rannán ráille bruachbhailte			(38,084)			(38,084)	(40,684)
- An rannán ráille príomhlíne			(226,841)			(226,841)	(192,437)
			(264,925)			(264,925)	(233,121)
Lastas bóthair			359			359	1,195
Cuan Ros Láir			3,240			3,240	2,648
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					(64,325)	(64,325)	(62,391)
- Cathracha Cúige				(10,018)		(10,018)	(10,644)
- Seirbhísí eile				(12,004)		(12,004)	(8,060)
Turais		928				928	886
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha	1,800	(4,858)				(3,058)	697
Easnamh oibríochta							
roimh eisceachtaí	1,800	(3,930)	(261,326)	(22,022)	(64,325)	(349,803)	(308,790)
Ús (inioctha)/infhaighte		8	(4,297)	691	1,466	(2,132)	(4,032)
Ioncam airgeadais eile (nóta 24)	8,900					8,900	2,700
Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe (nóta 7)		5,955	109	(344)	(45)	5,675	25,265
Barrachas/(easnamh)							
roimh Oibleagáidí Seirbhíse							
Poiblí agus deontais	10,700	2,033	(265,514)	(21,675)	(62,904)	(337,360)	(284,857)
Deontais stáit							
- oibríocht		-	97,948	25,200	64,900	188,048	164,985
- infrastruchtúr (nóta 9)		-	181,432	-	-	181,432	150,092
Deontas AE -infrastruchtúir		-	1,548	-	-	1,548	8,405
Barrachas don bhliain							
roimh eisceachtaí	10,700	2,033	15,414	3,525	1,996	33,668	38,625
Costas oibríochta eisceachtúil (nóta 6)		-	(7,887)	-	-	(7,887)	(19,174)
Glan-bharrachas don bhliain	10,700	2,033	7,527	3,525	1,996	25,781	19,451

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

2005
€000

2004
€000
Athluaite

2. COSTAIS INFRASTRUCHTÚIR IARNRÓID

I gcomhlíonadh Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE tá na costais seo ríofa mar a leanas:

Cothabháil línte agus oibreacha iarnróid	66,800	62,980
Athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid	87,601	55,696
Oibríocht (comharthaí) agus speansais eile	26,733	27,125
Dímheas (nóta 11 [f])	17,328	17,745
Amúchadh ar dheontais chaipitil	(8,857)	(8,350)
Iomlán chostais an infrastruchtúir iarnróid	189,605	155,196
Fóirdheontas infrastruchtúir	(110,080)	(100,148)
Maoiniú sábháilteachta Státchiste	(4,337)	(2,653)
Maoiniú Athnuachana (nóta 11 [a])	(87,601)	(55,696)
	(202,018)	(158,497)
Barrachas don bhliain	(12,413)	(3,301)
Cionroinnt na gCostas:		
An rannán ráille príomhlíne	170,937	137,722
An rannán ráille bruachbhailte	18,668	17,474
	189,605	155,196

3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

Costais foirne

Pá agus tuarastal	501,096	481,274
Costais leasa shóisialaigh	42,492	40,874
Costais phinsin eile	39,759	34,184
	583,347	556,332
Obair féin caipitlithe	(49,870)	(44,934)
Glanchoistais foirne	533,477	511,398
Luach saothair Chomhaltaí Boird		
Díolaíochtaí		
- do sheirbhísí mar chomhaltaí Boird	148	135
- do sheirbhísí eile	398	419
Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na gcomhaltaí Boird	546	554
Iomlán párolla agus costais ghaolmhara	534,023	511,952

Tá €220,627 (2004 - €224,234) a íocadh leis an Dr. John J. Lynch, Cathaoirleach Feidhmeannach, san áireamh i luach saothair chomhaltaí Boird, ar ionann sin agus €201,581 (2004 - €205,188) do sheirbhísí eile móide €19,046 (2004 - €19,046) do tháillí chomhaltaí Boird.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA (ar lean)

	Líon Foirne	
	2005	2004
Is é seo a leanas an meánlíon fostaithe de réir cuideachta:		
CIÉ	298	303
Iarnród Éireann – Irish Rail	5,463	5,590
Bus Éireann – Irish Bus	2,758	2,736
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	3,407	3,408
	11,926	12,037
	2005	2004
	€000	€000

4. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

Áirítear in ábhair agus i seirbhísí:

Luach saothair iniúchóirí	200	199
Cíosanna léasa oibríochta	5,754	7,573
Deontais ioncaim (nóta 19)	(1,687)	(2,756)

5. DÍMHEAS

Dímheas (nóta 11)	108,998	110,652
Amúchadh ar dheontais chaipitil (nóta 19)	(56,409)	(52,550)
Costas oibríochta eisceachtúil (nóta 6)	-	(1,727)
	52,589	56,375

6. COSTAIS OIBRÍOCHTA EISCEACHTÚLA

Athstruchtúrú gnó	(7,887)	(17,447)
Muirear dímheasa	-	(1,727)
	(7,887)	(19,174)

Mar chuid dá Phlean Airgeadais thug Iarnród Éireann clár scaoilte deonaigh agus luathscóir isteach. Is €7.9 milliún an costas measta i 2005, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus costais eile a bhain leis an gclár.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

	2005	2004
	€000	€000
7. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE		
Glan-fháiltas ó dhíolachán barrachais talún agus foirgnimh	5,955	24,154
(Cailteanas)/Brabús ar dhiúscairt stoic rollta, feithiclí, gléasra agus innealra	(280)	1,111
	5,675	25,265
8. ÚS INÍOCTHA		
Ar iasachtaí agus léasanna inaisíoctha go hiomlán laistigh de chúig bliana:		
Iasachtaí	262	1,660
Léasanna	-	-
Ar iasachtaí agus léasanna nach bhfuil inaisíoctha go hiomlán laistigh de chúig bliana:		
Iasachtaí	-	-
Léasanna	2,172	2,491
	2,434	4,151
Ús Cionroinnte:		
Costais oibríochta an ghrúpa	889	1,939
Costais Infrastruchtúir Iarnróid	1,545	2,212
	2,434	4,151

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

